C/2025/1789

18.3.2025

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird Al-Azaim Media Foundation, an grúpa a chumhdaítear leis na bearta sriantacha a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/514 ón gComhairle, ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/515 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus al-Qaeda agus i gcoinne daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo

(C/2025/1789)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird Al-Azaim Media Foundation, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/514 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/515 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh an duine agus an grúpa thuasluaite a chur ar liosta na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/1693 agus i Rialachán (AE) 2016/1686.

Cuirtear in iúl don ghrúpa lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais riachtanacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

Féadfaidh an grúpa lena mbaineann iarraidh a chur isteach go bhfaighidís an ráiteas ar chúiseanna atá lena áireamh ar an liosta thuasluaite. Ba cheart aon iarraidh den chineál sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh (Faoi bhráid: ainmníochtaí COMET)
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Féadfaidh an grúpa lena mbaineann, tráth ar bith, iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh é a áireamh ar an liosta, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh thuasluaite. I ndáil leis sin, dírítear aird an ghrúpa lena mbaineann ar an athbhreithniú tráthrialta a dhéanfaidh an Chomhairle ar an liosta de réir Airteagal 6(2) de Chinneadh (CBES) 2016/1693 agus Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2016/1686. Chun gur féidir iarrataí a mheas faoin gcéad athbhreithniú eile, ní mór iad a thíolacadh **faoin 15 Iúil 2025.**

Tugtar ar aird an ghrúpa lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 25.
([2]) IO L, 2025/514, 17.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/514/oj.
([3]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 1.
([4]) IO L, 2025/515, 17.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/515/oj.